

TÍR ATHRAITHE.  
SEIRBHÍS AN ATHRAITHE.



An  
tSeirbhís  
Promhaidh

Tuarascáil Bhliantúil 2005

## AN TSEIRBHÍS PROMHAIDH\*

---

Is gníomhaireacht taobh istigh den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tSeirbhís Promhaidh. Tá ról tábhachtach againn ag cuidiú le leibhéal na coiriúlachta a ísliú agus le cur le sábháilteacht an phobail trí oibriú le ciontóirí chun athrú a chur ar a gcuid iompair. Éiríonn leis an obair promhaidh trí smachtbhannaí éifeachtacha a oibriú bunaithe sa phobal féin agus trí chuidiú le ciontóirí an filleadh ar an gcion a sheachaint.

Tragóid nach féidir a shéanadh é go dtarlaíonn fulaingt agus díobháil do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail de bharr coiriúlachta. Ní mór smachtbhannaí éifeachtúla ina choinne. Tháinig an modh promhaidh chun cinn níos mó ná céad bliain ó shin mar chur chuige atá trócaireach ach a bhfuil éifeacht leis ag cuidiú le ciontóirí athrú a dhéanamh. Fágann bheith ‘ar promhadh’ go dtugtar deis do dhaoine teist níos fearr a thabhairt orthu féin tar éis cion a dhéanamh.

Is é tuairim na Seirbhíse Promhaidh gur éifeachtaí smachtbhannaí pobail ná an géibheann maidir le laghdú dhéanamh ciona arís ag ciontóirí. Creidtear gur féidir cur le sábháilteacht an phobail agus laghdú ar líon na gcionta trí dul i ngleic le comharsanachtaí éagsúla agus cur chuige le meon aisíroch.

### **An tSeirbhís Promhaidh**

Seomraí Mhargadh na Feirme

Margadh na Feirme

Baile Átha Cliath 7

Éire

Teil +353 (0)1 8173600

Faics +353 (0)1 8722737

[www.probation.ie](http://www.probation.ie)

\* Cé go bhfuil an branda nua, an cló gnó nua agus ainm nua na seirbhíse (“an tSeirbhís Promhaidh”) in úsáid ó lár na bliana 2006, ba chóir a thabhairt faoi deara go mba “an tSeirbhís Promhaidh agus Leasa” a bhí orainn i gcónaí i rith na bliana 2005. Is é an teideal nua a úsáidtear ar fud na tuarascála seo.

# Clár na Tuarascála

AN TSEIRBHÍS PROMHAIDH

## Tuarascáil an Stiúrthóra.

ATHRÚ AN TSAOIL AGUS AN SAOL AG ATHRÚ.

---

### Roinn 1

ACHOIMRE AR AN OBAIR AGUS AR AN BPRÍOMHBHEARTAÍOCHT.

**Achoimre ar an obair.**

**8 mBeart Barrthábhachta na bliana 2005.**

---

### Roinn 2

AN PROMHADH AGUS AN BEART.

Cláir oibre na bliana 2005.

**Seirbhís don Phobal.** Comharsanachtaí níos sábháilte.

- A. **Obair leis na cúirteanna agus leis an bpobal.** Measúnú agus maoirsiú.
  - B. **Promhadh na nÓgánach.** Rogha níos fearr agus níos lú cionta.
  - C. **Coimeád agus coinneáil.** Measúnacht, comhairle agus athrú ar an saol.
  - D. **Taighde.** Ciontóirí gan Dídean.
- 

### Roinn 3

OBAIR PROMHAIDH AGUS AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT.

An chomhpháirtíocht san obair.

- A. **An chomhpháirtíocht.** Go himheánach agus go seachtrach.
  - B. **Cur chuige uile-oileáin a thabhairt chun cinn.** Comhoibriú, bainistíocht agus sárchleachtas.
- 

### Roinn 4

AN TSEIRBHÍS PROMHAIDH FÉIN.

An fhoireann, cúrsaí airgeadais, TE agus cúram don chustaiméir.

- A. **Daoine, Acmhainn agus Acmhainneacht.** Earcaíocht, foireann oibre agus oiliúint.
  - B. **Teicneolaíocht an eolais.** Breis éifeachta agus dlús.
  - C. **Seirbhís don Chustaiméir.** Sárchleachtas ó thaobh soláthar seirbhíse.
  - D. **Oiliúint agus forbairt foirne.** Infheistíocht i scileanna agus san fhorbairt phearsanta.
  - E. **Ráiteas Airgeadais.** Ioncam agus caiteachas 2005.
- 

### Roinn 5

AN DÚSHLÁN ATÁ I NDÁN.

# Tuarascáil an Stiúrthóra

---

## Athrú an tSaoil agus an Saol ag Athrú.

### **Bearta leasa gan áireamh**

Cúis donachta an choiriúlacht. Donaítear na híospartaigh agus a gcuid gaolta agus cairde leis. Donaítear pobail leis. Is obair ríthábhachtach atá sa laghdú ar an gcoiriúlacht agus i gcosaint na saoránach. Is obair í sin a dhéanann gníomhaireachtaí tábhachtacha éagsúla agus eagraíochtaí agus páirtnéirí eile i gcomhar leo. Déantar an obair ar leibhéal go leor. Is dóigh liomsa go bhfuil an bheartaíocht a chuireann an tSeirbhís Promhaidh i gcrích ag laghdú ar leibhéal na coiriúlachta agus ag cur le sábháilteacht an phobail ar cheann de dhiamhra do-eolais an chórais dlí agus cirt. Toradh dáiríre bun agus barr na straitéise nua againn – oibriú leis na ciontóirí chun athrú a chur ar an saol acu, chun cuidiú leo fanacht ón gcion arís agus roghanna níos fearr a dhéanamh sa saol. Dá laghad ciontóirí dá mbíonn ann, is ea is lú íospartach a bheidh ag fulaingt coire.

Tá seo ar fad ar bun agus Éire agus an tSeirbhís Promhaidh féin faoi chlaochlú. Chomh maith le malairt riochta ó thaobh na heacnamaíochta de, tá athrú ó thaobh riocht sóisialta agus cultúir ar an tír chomh maith. Tá athrú ag teacht ar chineál na coiriúlachta. Tuigtear do dhaoine anois gur gá tabhairt faoin gcoiriúlacht agus faoi chúiseanna le coiriúlachta ar bhealaí agus ar leibhéal éagsúla.

Cuirtear i gcás leanaí agus ógánaigh mar shampla. Mianach na tíre atá i ndán, is uathu a thiofaidh cruthú, múnlú agus cosaint na hÉireann san am amach romhainn. Mar gheall ar chineálacha éagsúla cruatain, tarlaíonn go ndéanann roinnt daoine óga drochroghanna sa saol go ndéanann siad díobháil agus dochar dóibh féin agus go dhaoine eile. Is é tuairim na Seirbhíse Promhaidh – de bharr a bhfuil de thaithí dáiríre ar na cásanna – gur féidir athrú a chur ar chúrsaí nuair a chuirtear ar a súile do dhaoine óga go bhfuil neart acu ar a gcuid bearta agus nuair a spreagtar iad chun glacadh leis gurb iad atá freagrach as a gcuid iompair. Chuidigh go leor den fhoireann dúthrachtacht, dhíograiseach sa tSeirbhís le daoine cúl a thabhairt leis an mí-rogha agus patrún nós ciona a bhriseadh. Sin é is cúis leis an athrú a bheith ina théama chomh tréan sa tuarascáil seo. Athrú ar an tír. Athrú ar an tSeirbhís Promhaidh. Athrú ar iompar dhaoine. Sin é an fáth ar tugadh Promhadh na nÓgánach chun cinn mar rannán ar leith cé go bhfuil sí ina slánchuid den tSeirbhís Promhaidh i gcónaí.

Is iomaí cor agus athrú eile a tharla. Sin é an fáth ar ábhar mórtais agus áthais dom Tuarascáil Bhlíantúil na bliana 2005, an chéad cheann agam féin sa tSeirbhís Promhaidh, a chur i láthair. Tá scéal na hoibre á insint anseo agus tá cuntas ann ar obair shuntasach, dhíograiseach na foirne ar fud na hÉireann is cúis le hathruithe tábhachtacha den chineál sin ó lá go lá. Is mian liom buíochas ó chroí a chur in iúl

dóibh as ucht na hoibre sin. Is mór agam meitheal foirne chomh hábálta a bheith faoi mo chúram.

Ó tháinig mé i bpost an Stiúrthóra ar an tSeirbhís Promhaidh ar an 5 Meán Fómhair 2005, fuair mé tuiscint ar a threise agus atá an caidreamh le gníomhaireachtaí a n-oibrítear i gcomhar leo, caidreamh a raibh forás agus forbairt air de bharr na mblianta fada oibre le chéile sula facthas mise ar an bhfód. Orthu sin tá an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a stiúraigh agus a neartaigh sinn ag tabhairt faoin straitéis nua le gníomhaireachtaí na comhpháirtíochta ar nós an tSeirbhís Chúirteanna, an tSeirbhís Phríosún, an Garda Síochána, an tSeirbhís Cheartais d'Ógánaigh agus seirbhísí reachtúla eile, chomh maith leis an earnáil dheonach agus pobail agus tionscadail le maoiniú dar gcuid.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun mo chuid buíochais a chur in iúl dóibh siúd a dtagaim i gcomharbacht orthu a thug an tSeirbhís, ina bPríomh-Oifigigh Promhaidh dóibh, chun cinn go raibh ina gné thábhachtach, éifeachtach de chuid an chórais dlí agus cirt.

Tá athrú ar an tír agus is siocair athraithe an tSeirbhís Promhaidh. Tuigimse agus an fhoireann go bhfuil obair thábhachtach le déanamh againn. Ach tá díocas ionainn maidir le hathrú chun leasa. Tá díocas ionainn maidir le leas phobail na hÉireann. Is cuid den obair maidir leis an gcúram a leagtar orainn bheith 'ag fónamh' do shaoránaigh na tíre an Tuarascáil Bhliantúil seo, maidir le bheith freagrach daoibh faoin gcaoin ina gcomhlíontar an ról fíorthábhachtach trína gcuidítear le hÉire a bheith níos sábháilte, líon na gcoireanna a ísliú agus oibriú le ciontóirí d'fhonn athrú saoil a bhaint amach dóibh féin. Sa chiall sin, tá an tSeirbhís Promhaidh 'ar promhadh' ag muintir na hÉireann ó cheann ceann na bliana. Agus táthar mórtasach as sin.



Michael Donnellan  
Stiúrthóir  
An tSeirbhís Promhaidh

# Roinn 1

---

Achoimre ar an obair agus ar an  
bpríomhbheartaíocht

## Achoimre ar chlár na hoibre.

---

### **Seirbhís nua-aimseartha maidir le hathrú chun leasa**

Oibrímid go dlúth, thar ceann na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le ciontóirí, le teaghlaigh, leis an tSeirbhís Chúirteanna, leis an tSeirbhís Phríosún, leis an nGarda Síochána agus le heagraíochtaí go leor sa phobal.

Cuirimid seirbhísí ar fáil a chuidíonn leis an bpobal a chosaint, le feabhas a chur ar phobail agus le cúnaimh a thabhairt do chiontóirí athrú. Cuirimid, go sonrach, maoirseacht promhaidh, seirbhís phobail, cláir iompair frithchionta agus seirbhísí taca speisialta ar fáil do chiontóirí fásta agus do chiontóirí óga d'fhonn iad a stopadh ó chionta a dhéanamh arís.

Chomh maith leis sin, cuirimid seirbhís ar fáil freisin do na cúirteanna agus do na príosúin agus d'ionaid choinneála.

Baineann measúnacht a dhéanamh don chúirt, maoirseacht ar chiontóirí sa phobal agus seirbhís chomhairleoireachta do chiontóirí agus dá gcuid teaghlaigh leis an obair.

Oibrítear ar fud na tíre. Cé gur go náisiúnta a dhéantar na seirbhísí a eagrú, is go háitiúil a thugtar i gcrích iad. Tá os cionn 430 ball foirne dár gcuid in oifigí i níos mó ná ceathracha ionad ar fud na tíre.

Bíonn an tSeirbhís Promhaidh, ar feadh an ama, ag déanamh maoirsithe agus/nó measúnaithe ar suas le 6,000 ciontóir sa phobal ciontóirí a thagann faoi scáth orduithe maoirseachta ó na cúirteanna, príosúnaigh faoi phríosúnacht saoil agus príosúnaigh eile a ligeadh amach go sealadach san áireamh.

Is í an tSeirbhís Promhaidh an ghníomhaireacht a bhíonn chun tosaigh sa mheasúnú agus sa bhainistíocht ar chiontóirí sa phobal. Tabharfar straitéis nua i gcrích lena gcinnteofar breis éifeachtúlachta agus breis críochnúlachta ag cuidiú le pobail na hÉireann a dhéanamh níos sábháilte, le hathrú chun feabhais a chothú in iompar chiontóirí agus le timthriall leanúnach na gcionta agus na fulaingte a bhriseadh.

## 8 mBeart Barrthábhachta i rith na bliana 2005.

---

Ba í an bhliain 2005 an bhliain ba ghnóthaí go dtí seo ag an tSeirbhís Promhaidh. Ba tréimhse mhór athraithe agus dul chun cinn í chomh maith. Baineadh amach go leor leis an athrú sin agus seo a leanas roinnt dár baineadh amach:

### **1. Ceaptar an chéad Stiúrthóir ar an tSeirbhís Promhaidh**

Mar chuid den chlár athstruchtúir, bunaíodh den chéad uair i stair na Seirbhíse an príomhról sinsearach ag Stiúrthóir. Cinnteofar leis sin stiúir chinnte, borradh, fíis aontaithe agus breis éifeachtúlachta, mar chuid den treoir straitéise nua a bhfuil an tAire agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag déanamh ceannródaíochta maidir leis.

### **2. Tuairiscítear feabhas ollmhór ar sheirbhís na heagraíochta a thabhairt**

In ainneoin breis éilimh ó na cúirteanna agus na príosúin, sháraigh oifigigh na Seirbhíse Promhaidh gach dúshlán a cuireadh rompu ar fud na n-earnálacha ar fad, maidir le measúnachtaí agus tuairiscí ar chiontóirí, maoirseacht i measc an phobail, cláir oibre sna príosúin agus eile.

### **3. Ceannródaíocht maidir le Promhadh d'Ógánaigh**

Chuir an tSeirbhís i bhfeidhm roinnt bearta dá bhforáiltar faoi Acht na Leanaí, 2001, ina measc Comhdhálacha Teaghlaigh agus clár meantóireachta do chiontóirí óga. Bunaíodh Promhadh d'Ógánaigh mar chuid ar leith, cé gur cuid slán, den chlár oibre sin.

### **4. Feabhas ar oibriú na heagraíochta**

Tar éis suirbhé foirne, rinne an tSeirbhís athbhreithniú ar chúrsaí eagrúcháin. De bharr thorthaí an athbhreithnithe sin, cuireadh roinnt tionscnamh suntasach ar bun a bhfuil feabhas curtha acu ar oibriú na heagraíochta trí athchóiriú agus trí fheabhas ar na struchtúir agus ar na córais inmheánacha.

### **5. Measúnú ar bhaol bunaithe ar fhianaise a thabhairt isteach**

Tá measúnú bunaithe ar fhianaise tugtha isteach ar fud na tíre ag an tSeirbhís Promhaidh maidir leis an bplé le ciontóirí a chuirtear faoi bhráid. Bíonn eolas tábhachtach ar fáil de bharr an tionscnaimh seo ar an mbaol a bheadh ann do shábháilteacht an phobail ó chiontóirí agus ar na bearta is gá chun cuidiú leo athrú saoil a bhaint amach dóibh féin.

### **6. Comhoibriú sárchleachtas Thuaidh-Theas a thabhairt chun cinn**

D'eagraigh *COSAIN Thuaidh & Theas*, tionscnamh i gcomhar idir an tSeirbhís Promhaidh agus Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann, sé cinn de sheimineáir suntas d'fhonn eolas a mhalartú agus an sárchleachtas a chur chun cinn.



Eagraíodh comhdháil náisiúnta i mBaile Átha Cliath chomh maith ar ar fhreastail 120 duine atá ag obair i gcúrsaí promhaidh agus ionadaithe ó na heagraíochtaí comhair.

## **7. Córais nua maidir le teicneolaíocht an eolais agus lorgaireacht a chur isteach**

Tugadh isteach réimse feabhsúchán den chineál is fearr agus is nua i dteicneolaíocht an eolais chun cur leis na córais eolais agus leis an tseirbhís don chustaiméir. Cuireadh feidhmchlár dar gcuid féin le chéile maidir le bainistíocht ar acmhainní daonna. Tugadh an córas lorgaireachta maidir le cásanna chiontóirí níos faide chun cinn. Tosaíodh ar obair chomh maith maidir le dearadh agus forbairt ar shuíomh idirlín a bheidh áisiúil agus lán eolais do na custaiméirí a bheidh á úsáid.

## **8. Foilsítear toradh taighde cheannródaíochta**

Rinne an tSeirbhís Promhaidh agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mórstaidéar ar chiontóirí gan dídean a choimisiúnú agus a fhoilsiú faoin teideal: *A Study of the Number, Profile and Progression Routes of Homeless Persons before the Court and in Custody*. Tá eolas fiúntach faoi líon na ndaoine gan dídean faoi choimeád agus á dtabhairt os comhair na gcúirteanna i mBaile Átha Cliath, faoina gcás agus faoi phatrúin a bhaineann leo, follasach anois de bharr an taighde.

*“Oibríonn Seirbhís Pobail go maith i gcás chuid mhaith daoine. Bíonn fonn ar go leor cúiteamh a thabhairt faoin ní a rinneadh as bealach agus tugann siad faoi go díograiseach. Bíonn an obair an-sásúil uaireanta, go háirithe nuair a fheiceann tú duine a bhí i ngreim go mór ag andúil nó ag nós iompair a bhí ag tarraingt fadhbanna móra agus iad ag déanamh dul chun cinn. Mar a bheidís ag rá, ‘is mian liomsa athrú’. Agus feiceann tú an duine sin ag athrú. Feiceann tú athrú ar a meon agus ar a leagan amach ar an saol agus iad ag tuiscint an chaoi ar ghoill a gcuid iompair ar dhaoine eile, agus iad ag glacadh leis gur orthu atá an locht. Nuair a ghlactar buíochas leat agus nuair a deirtear leat gur mhór a chabhraigh tú leo, tuigtear fiúntas na hoibre go maith an uair sin.”*

**Susan Commins**, Oifigeach Promhaidh (Seirbhís Pobail).

# Roinn 2

---

AN PROMHADH AGUS AN BEART  
Cláir oibre na bliana 2005

# SEIRBHÍS DON PHOBAL.

## Comharsanachtaí níos sábháilte.

---

Ní eagraíocht atá sa tSeirbhís Promhaidh a oibríonn i gcéin le páirtnéirí sa phobal amháin – de réir mar a fheictear dúinne, is cuid riachtanach, bhunaithe de struchtúr an phobail atá ionainn. Dá bhrí sin, cuireann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ciste ar fáil do thograí agus cuirimidne ár gcuid seirbhísí saineolais ar fáil chun leasa comharsanachtaí, ar mhaithe le breis sábháilteachta agus chun cuidiú le ciontóirí agus a gcuid teaghlaigh sa chaoi is gur féidir le hathrú buan dáiríre tarlú. Tá briseadh nós na gcionta ar cheann de na bealaí is éifeachtaí le laghdú ar an gcoiriúlacht agus ar an scáth a bheadh roimhe. Ní féidir sin gan dul i ngleic le próiseas casta comhoibríthe leis an iliomad páirtnéir, agus acmhainní a chaitheamh leis an bpróiseas sin – ach tá taithí agus teist air mar leigheas ar an bhfadhb agus iontaoibh ann.

Téann an tSeirbhís Promhaidh chun beartaíochta le réimse tograí agus cláir atá bunaithe sa phobal. Go deimhin, tá múnla ar leith tugtha chun cinn ag an tSeirbhís Promhaidh in Éirinn. Cothaíodh, triailleadh agus feabhsaíodh é le himeacht na mblianta. Is minic saol gan treoir á chaitheamh ag ciontóirí a thagann faoi chúram na Seirbhíse Promhaidh, iad lag ó thaobh scileanna oideachais agus oibre, agus gan teacht acu ar fhostaíocht ná ar oiliúint. Bíonn fadhbanna géara le drugaí agus ólachán ag cuid mhór acu agus gan mórán scileanna acu maidir le himeacht sa saol. Tá dúshlán ag baint leis sin uile ach is féidir an ceann is fearr a fháil air. Bíonn réimse leathan tacaíochta agus cúnaimh de dhíth ar na ciontóirí más leo roghanna níos fearr a fheiceáil agus a thapú ar mhaithe leo féin agus le sábháilteacht an phobail. Tharla athrú sa saol ag go leor i rith na bliana 2005. Ní fheictear na bearta gan áireamh chun feabhais sin do na meáin chumarsáide ach tarlaíonn siad go ciúin.

## A. OBAIR LEIS NA CÚIRTEANNA AGUS LEIS AN BPOBAL.

### Measúnú agus maoirsiú.

---

Bíonn réimse smachtbhannaí de dhíth i ngach pobal maidir leo siúd a dhéanann cion. Is casta an obair í measúnú a dhéanamh ar an gcontúirt atá i nduine don phobal agus bíonn saineolas ag teastáil chuige. Nuair atá maoirseacht ar dhuine atá ar promhadh nó nuair a ligtear duine amach as príosún ar choinníollacha ar leith, ní mór monatóireacht agus maoirseacht orthu agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh ionas nach ndéanann siad cion arís. Agus sa chás go bhfágann an té sin an choiriúlacht ina dhiaidh ar deireadh, ní mór don phobal gníomhaireacht saineolais a bhfuil d'acmhainn ann, ar an gcéad dul síos, a aithint go bhfuil athrú dáiríre tagtha agus, ar an dara rud, cuidiú leis an duine bheith ina pháirt dílis den phobal arís agus cur leis ar a mbealach féin. Is í an tSeirbhís Promhaidh an ghníomhaireacht saineolais sin. Nuair atá sábháilteacht an phobail agus cumas an duine athrú saoil a bhaint amach dó féin i gceist, is cuid thábhachtach, lárnach den obair againn atá ansin.

Go hachomair, is iad seo a leanas na cúraimí atá ar na hOifigigh Promhaidh maidir leis an obair le ciontóirí fásta a chuirtear faoi bhráid trí na Cúirteanna agus an tSeirbhís Príosún:

- Comhairle agus eolas a chur ar fáil do na Cúirteanna i bhfoirm Thuarascálacha Réamhsmachtbhanna a chuideoidh le cinntí faoi phianbhreitheanna. Déantar measúnacht leis na tuarascálacha tábhachtacha seo ar an mbaol atá ann go dtiocfaidh duine le cion arís agus ar an acmhainn agus an spreagadh atá sa duine déileáil leis an iompar chiontóra agus athrú a chur air. Tugadh deis fiornua measúnachta ar bhaol i gcás chiontóirí fásta (an *Fardal Leibhéal Seirbhíse – Leasaithe*, nó *FLS-L*) isteach ar fud na tíre i rith na bliana 2005 d'fhonn a úsáid in éineacht le modhanna measúnaithe proifisiúnta eile.
- Smachtbhannaí pobail a eisítear sa Chúirt a chur i bhfeidhm.
- Cláir éifeachtúla a chur le chéile, a chur ar fáil agus a chur chun cinn maidir le maoirseacht shábháilte ar chiontóirí sa phobal d'fhonn cosaint an phobail a chinntiú.
- Oibriú le ciontóirí, roimh agus tar éis a scaoileadh amach, chun saol sóisialta a chaitheamh ionas go laghdaítear an baol don phobal a oiread agus is féidir.

- **Measúnacht réamhsnachtbhanna**

Nuair a iarrann breithimh de chuid na gcúirteanna coiriúla sin, tugann an tSeirbhís Promhaidh faoi mheasúnachtaí réamhsnachtbhanna (roimh ghearradh na pianbhreithe) a dhéanamh agus tuarascálacha a chur ar fáil faoi chiontóirí. Is é is cuspóir le tuarascáil réamhsnachtbhanna comhairle agus eolas den ghrinneas agus den iontaofacht a chur ar fáil do na cúirteanna d'fhonn cuidiú le cinneadh mar gheall ar phianbhreith. Bíonn measúnú mar gheall ar an mbaol go ndéanfaidh an duine cion arís agus ar an gcumas agus ar an spreagadh atá sa duine déileáil leis an iompar chiontóra mar chuid den tuarascáil réamhsnachtbhanna. Dírítear ar cheisteanna faoi shábháilteacht an phobail, faoin íospartach agus faoi chomhcheangal an phobail sna tuarascálacha.

- **Measúnachtaí ar Sheirbhís Pobail**

Sa chás go mbíonn Ordú Seirbhíse Pobail á chur san áireamh ag an gCúirt, trína ndlífí ar chiontóir obair gan phá a dhéanamh sa phobal mar mhalairt díreach ar phianbhreith coimeáda, tá dlite ar an gCúirt Tuarascáil Seirbhíse Pobail a iarraidh ar an Oifigeach Promhaidh.

- **Tuarascáil faoin Tionchar ar an Íospartach**

Ullmhaítear Tuarascálacha faoin Tionchar ar an Íospartach sa tSeirbhís Promhaidh chomh maith nuair a bhíonn gá lena leithéid. Déantar measúnú do na tuarascálacha sin ar an tionchar a bhí ag an gcion – cion foiréigin go hiondúil – ar an íospartach. Cuidíonn sin leis na breithimh socrú ar an mbealach a dhéileálfar leis an gcás. Tugtar deis d'íospartaigh leis na Tuarascálacha faoin Tionchar ar an Íospartach cur síos a dhéanamh don chúirt ar thionchar an chiona orthu féin agus ar a gcuid teaghlaigh.

- **Maoirseacht Promhaidh**

Bíonn ar chiontóir fanacht faoi mhaoirseacht ag Oifigeach Promhaidh ar feadh tréimhse a shocraíonn an Chúirt i gcás Maoirseacht Promhaidh. Is féidir leis an gCúirt coinníollacha breise a chur leis an maoirseacht, d'fhonn maolú ar an mbaol go ndéanfar cion arís de réir mar a léiríodh leis an measúnú cliniciúil tosaigh arna dhaingniú leis an deis measúnaithe baoil.

- **Seirbhís Pobail – sampla den Cheartas Aisig**

Sa chás go bhfuil Ordú Seirbhíse Pobail déanta ag an gCúirt, tá dlite ar an gciontóir obair gan phá a dhéanamh sa phobal ar feadh líon na n-uaire atá sonraithe ag an gCúirt (40 – 240 uair a chloig) mar chúiteamh ar an díobháil a tháinig de bharr a gcuid beartaíochta. Is sampla í an tSeirbhís Poiblí de phrionsabail an Cheartas Aisig sa saol dáiríre, agsu na ciontóirí ag cúiteamh an dochar a tharraing an t-iompar chiontóra leis an bpobal.

- **Scaoileadh Saor Sealadach**

Tarlaíonn scaoileadh saor sealadach faoi mhairseacht nuair a bhíonn mairseacht ag an tSeirbhís Promhaidh ar chiontóir a scaoileadh saor luath ón bpríosún.

- **Comhairliúcháin**

Leanadh i rith na bliana 2005 den chomhairliúchán leis na Breithimh agus leis an tSeirbhís Chúirteanna mar chuid den athbhreithniú againn ar an gcleachtas, ar an nós imeachta agus ar na caighdeáin d'fhonn seirbhís éifeachtach, éifeachtúil a chinntiú do na custaiméirí agus do na geallsealbhóirí ar fad.

### **An t-éileamh ar an seirbhísí**

Sa bhliain 2005, lean an t-éileamh ar na seirbhísí ag na cúirteanna mar a bhí. D'ullmhaigh na hOifigigh Promhaidh 6,385 Tuarascáil Réamhsmachtbhanna agus 2,040 Tuarascáil faoi Sheirbhís Pobail agus 46 Tuarascáil ar an Tionchar ar Íospartach do na Cúirteanna i rith na bliana 2005. Rinne an tSeirbhís maoirseacht ar os cionn 6,500 duine faoi mhairseacht de leithéid Promhaidh, ar 1,167 duine faoi Orduithe Seirbhíse Pobail agus ar 81 ciontóir gnéis faoi Orduithe Maoirseachta arna Scaoileadh Saor

<b>Tuarascálacha Measúnaithe Ciontóirí a cuireadh ar fáil</b>	
Tuarascálacha Réamhsmachtbhanna	6,385
Tuarascálacha Seirbhíse Pobail	2,040

<b>Maoirseacht de chineál an Phromhaidh</b>	
Orduithe Promhaidh	1,274
Orduithe Maoirseachta le linn Pianbhreith a chur ar Cairde	5,230
Líon na gciontóirí gnéis a ndearnadh maoirseacht orthu i measc an phobail agus nár gearradh pianbhreith coimeádta orthu	124

<b>Seirbhís Pobail</b>	
Orduithe Seirbhíse Pobail	1,167
Líon iomlán na n-uaire chloig de Sheirbhís Pobail a hordaíodh a dhéanamh	122,000
Iomlán na mblianta pianbhreithe a raibh an tSeirbhís Pobail de mhalairt ag daoine orthu (fad na príosúnachta a bheadh le cur isteach murach gur roghnaíodh Seirbhís Pobail ina áit)	350

<b>Maoirseacht ar iarphríosúnaigh</b>	
Líon na bpríosúnach phríosúnacht saoil a ndearnadh maoirseacht orthu i measc an phobail	57
Líon na gciontóirí gnéis a ndearnadh maoirseacht orthu i measc an phobail faoi Orduithe Maoirseachta larna Scaoileadh Saor	81

<b>Tuarascálacha faoin Tionchar ar an Íospartach</b>	
Líon iomlán na dtuarascálacha a cuireadh ar fáil	46

## **Bearta agus cláir thábhachtacha eile i measc an pobail**

Le linn ré seo an mhóraithraithe, tá an tSeirbhís Promhaidh ag cur chuige an obair ar roinnt bealaí nua chun freastal ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn:

- i) Obair le pobail agus grúpaí ar fud na tíre ag cur tograí agus cláir chun cinn ina gceantair féin.
  - ii) An chomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí reachtúla eile agus le gníomhaireachtaí deonacha a thabhairt i dtreis.
  - iii) Socrúcháin áirithe i Seirbhísí reatha a cheannach.
  - iv) Naisc a cheangal le fostóirí agus le heagraíochtaí fostaíochta d'fhonn socrúcháin oibre do chiontóirí a chur chun cinn.
- **Maoiniú ar thograí pobail**

Rinne an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maoiniú mórchoda nó páirtmhaoiniú ar 69 clár pobail agus clár páirtnéireachta tríd an tSeirbhís Promhaidh. Cuireadh os cionn €15.5 milliún i leith na seirbhísí sin, suim ab ionann agus timpeall is 40% de bhuiséad na Seirbhíse Promhaidh. Sa bhliain 2005, cuireadh 2,960 duine ar aghaidh chuig na tograí agus go leor ciontóirí ag dul i mbun chláir ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain.
  - **Maolú ar an gCoimhthíos**

Tuigeann an tSeirbhís Promhaidh an tionchar tábhachtach a d'fhéadfadh an pobal a imirt ag maolú ar na leibhéil coimhthís a airíonn ciontóirí. Is léir buntáiste ó ghníomhaireachtaí reachtúla agus ó ghníomhaireachtaí deonacha a bheith ag obair i gcomhar lena chéile.

### **Tionscadail**

Tá sonraí mar gheall ar thionscadail faoi mhaoiniú dár gcuid, mar aon le sonraí teagmhála agus suímh, ar fáil ar an suíomh idirlín: [www.probation.ie](http://www.probation.ie)



## B. PROMHADH D'ÓGÁNAIGH.

### Roghanna níos fearr agus níos lú cionta.

---

Is iomaí deis feabhais a chuirtear roimh dhaoine óga in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ach tá i bhfad níos mó brú, contúirte agus dúshlán ag baint le saol na n-ógánach ná mar a bhí riamh cheana chomh maith. Is iontach an teist ar a gcumas agus ar a seasmhacht, agus ar na teaghlaigh agus na pobail dár díobh iad, go dtagann oiread daoine óga i mbláth a maitheasa agus go gcuireann siad oiread le saol an phobail. Tá roinnt daoine óga, chomh maith le bheith ag déileáil le bochtaineacht agus doicheall, atá faoi thionchar coiriúlachta gach uile lá agus ag plé le tráma agus ansmacht a eascraíonn as foréigean agus andúil. Ní furasta dóibhsean an rogha a mholtar sa saol a fheiceáil mar rogha dáiríre. Ina dhiaidh sin féin, is mac nó iníon le duine éigin gach ógánach agus tá deis dlite dóibh athrú a chur ar a saol. Go deimhin, ní mór dó sin tarlú chun pobail socair, sábháilte a chinntiú. D'fhonn tabhairt faoin dúshlán sin agus na dualgais a leagtar orainn faoi Acht na Leanaí 2001 a thabhairt i gcrích, tugadh chun cinn Rannán Promhaidh d'Ógánaigh taobh istigh den tSeirbhís a bhfuil d'aidhm leis réimse tacaíochtaí, smachtbhannaí agus gníomhartha do dhaoine óga a thabhairt i gcrích. Bhí sin ar cheann de na tionscnaimh ba mhó ábhar ríméid i rith na bliana 2005.

#### **Bearta i gcrích i rith na bliana 2005:**

- Cuireadh plan le chéile don tSeirbhís maidir le hAcht na Leanaí a chur i bhfeidhm lena mbaineann béim níos láidre ar smachtbhannaí faoi mhairseacht i measc an phobail i gcás ógchiontóirí.
- Smachtbhannaí deireadh báire an phríosúnacht agus an choinneáil. Ina dhiaidh sin féin, sa chás gur gearradh an smachtbhanna sin ar ógchiontóirí, chuir an tSeirbhís cúig chlár grúpa ar fáil agus rinneadh níos mó ná 2,3000 agallamh le hógchiontóirí faoi choinneáil, d'fhonn nós na gcionta a bhriseadh agus cuidiú leis an bhfilleadh ar an bpobal.
- Rinneadh scrúdú ar dhá áras a bheadh faoi mhaoiniú na Seirbhíse mar réamhchéim maidir le tosach feidhme ag an Ordú Promhaidh (mairseacht chónaithe).
- Baineadh leas as 'deismireacht measúnaithe ar bhaol' nua (an *Leibhéal Seirbhíse Óige – Fardal Bhainistíocht Cás*, nó *LSÓ-FBC*) maidir le gach cás a cuireadh faoi bhráid d'fhonn Tuarascáil Réamhsmachtbhanna agus sin ceann de phríomhghnéithe an phlean atá beartaithe maidir le gach ógchiontóir.
- Foráiltar le hAcht na Leanaí 2001 do Chomhdháil Teaghlaigh, arna ordú ag an gCúirt, a ghairm ag an tSeirbhís Promhaidh i gcásanna speisialta. Cuireadh tús le feidhm an ailt sin sa reachtaíocht an 29 Iúil 2004. Tá Comhdháil Teaghlaigh

bunaithe ar phrionsabail an cheartais aisig, rud a chiallaíonn dáiríre an dochar a dhéantar d'íospartaigh a chúiteamh agus an locht maidir lena chuid nó lena cuid gníomhartha a chur ar an gciontóir. Is é is aidhm leis an gComhdháil Teaghlaigh, duine óg a ghlacann leis go bhfuil locht air nó uirthi maidir lena gcuid iompair a stiúru ó ghuairneán na cúirte, an chiontaithe agus na coinneála agus ó chionta eile a dhéanamh.

- Chuir na cúirteanna 47 cás faoinár mbráid d'fhonn Comhdhálacha Teaghlaigh sa bhliain 2005.

## C. COIMEÁD AGUS COINNEÁIL.

### Measúnacht, comhairleoireacht, comhairle agus athrú saoil.

---

Bíonn daoine atá i bpríosún nó faoi choimeád ar bhealaí eile ag an gcrosbhóthar. Má tá an phríosúnacht agus an coinneáil ag dul ag déanamh leas don phobal agus do na príosúnaigh féin, is den mhórtábhacht é go spreagtar iad siúd atá faoi choinneáil agus go gcuidítear leo san aithrí agus san athrú saoil. Is cuid tábhachtach den obair sin againne an seans atá ann go dtarlódh an t-athrú sin a mheas – agus cuidiú leis teacht i gcrích.

- **Leibhéil na foirne**

Ba chuid shuntasach d'acmhainní na Seirbhíse Promhaidh an fhoireann a bhí ag obair i bpríosúin agus in ionaid choinneála ar fud na tíre i rith na bliana 2005.

- **Agallaimh, measúnachtaí, comhairleoireacht**

Chuir Oifigigh Promhaidh sna príosúin agallaimh tús oibre ar phríosúnaigh trí scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna ar nós baol, measúnacht a bhaineann le cion, comhairle agus comhairleoireacht aonair maidir le ceisteanna pearsanta, iompar chiontóra, aislonnú agus cúrsaí teaghlach. Thug an tSeirbhís Promhaidh réimse leathan de chlár grúpa agus aonair i gcrích chomh maith ag díriú ar andúil, ar chionta gnéis, ar cheansú na feirge, ar iompar chiontóra, ar scileanna grúpa chomh maith le clár ag díriú ar an bpríosúnacht saoil. Is gné fhíorthábhachtach atá ansin den fhorbairt leanúnach ar thionscnaimh ildisciplíne agus ar thionscnaimh idirghníomhaireachta.

<b>Obair le príosúnaigh</b>	
Líon na n-agallamh ag Oifigigh Promhaidh le príosúnaigh faoi choinneáil	17,082
Líon na gcláir do ghrúpaí a réachtáladh i bpríosúin ar fud na tíre	54
Líon na dtuairiscí boird parúil a hullmhaíodh	104
Líon na dtuairiscí athdhúichithe a hullmhaíodh	28

- **Obair don Bhord Parúil**

D'ullmhaigh an tSeirbhís Promhaidh 104 tuairisc measúnachta agus cúrsaí baile don Bhord Parúil i rith na bliana 2005. Is gnéithe tábhachtacha den phróiseas

measta cásanna ag an mBord Parúil iad tuairiscí na Seirbhíse Promhaidh faoin measúnacht agus faoi chúrsaí baile an phríosúnaigh.

- **Tuairiscí Athdhúichithe**

Faoin Acht um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu 1995 agus 1997, chuir an tSeirbhís 28 tuairisc ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maidir le hiarratais ó phríosúnaigh as tíortha iasachta i bpríosúin na hÉireann ar mhian leo a n-athdhúichiú go dtí a dtír dúchais, chomh maith le príosúnaigh de chuid na hÉireann thar lear ar mhian leo a n-athdhúichiú go dtí príosún in Éirinn.

- **Maoirseacht ar Phríosúnaigh faoi Phianbhreith Saoil**

Is cuid thábhachtach d'obair na Seirbhíse Promhaidh ciontóirí a thabhairt ar ais mar chuid slán den phobal tar éis a scaoileadh saor ó choinneáil. Chomh maith le maoirseacht ar phríosúnaigh a bhfuil pianbhreith deimhnithe curtha orthu agus iad á scaoileadh amach go sealadach, rinne an tSeirbhís bainistíocht ar 59 príosúnach faoi phianbhreith phríosúnacht saoil arna scaoileadh amach go sealadach ar choinníollacha sonraithe géilliúnais agus comhoibrithe. Bíonn príosúnaigh faoi phianbhreith phríosúnacht saoil atá faoi mhaoirseacht na Seirbhíse Promhaidh faoi mhaoirseacht ar feadh tréimhse iomlán na pianbhreithe mura gceadaíonn an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí leasú sonrath ar an ordú.

- **Soláthar maidir le daoine gan dídean i gcomhar le FSS**

Chuir an tSeirbhís Promhaidh tús le clár 'Istigh' i bPríosún Mhuinseo i gcomhar le hAonad na nDaoine gan Dídean (ADD) Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte (FSS). Soláthraítear leis sin do shocrúcháin dídine agus do sheirbhísí taca chothabháil ioncaim maidir le príosúnaigh atá i mbaol bheith gan dídean ar a scaoileadh saor. Ba léir fiúntas agus éifeacht leis seo mar acmhainn agus leathnaíodh i rith na bliana 2005 é go dtí na Príosúin ar fad i mBaile Átha Ciath agus go Príosún Lár na Tíre. Is múnla bunaithe anois é maidir le cleachtas trasghníomhaireachta den scoth. Cuireann an ADD an tseirbhís istigh ar fáil i gcomhar leis an tSeirbhís Promhaidh, Seirbhís Príosún na hÉireann agus páirtneirí eile.

- **Tionscnamh Tithíochta ACCESS**

Cuireadh tús le tionscnamh píolótach eile go luath sa bhliain 2005 chun cuidiú le príosúnaigh tionóntacht a fháil agus a choinneáil in earnáil na n-áras príobháideach ar cíós tar éis a scaoileadh saor. Is iad an tSeirbhís Promhaidh, Seirbhís Príosún na hÉireann agus Aonad Tithíochta ACCESS na heagraíochta Threshold na páirtneirí sa tionscnamh seo. Déanfar an tionscnamh a mheas tar éis na chéad bhliana féachaint an mba chóir é a leathnú amach.

## D. TAIGHDE.

### Eolas agus anailís den scoth is bun le seirbhís den scoth.

---

D'fhonn bheith lánphroifisiúnta, i bhfianaise phobail luathathraithigh agus phatrúin nua cionta, ní mór bheith ar an eolas faoi na hathruithe agus iad ag tarlú agus bheith in ann a thuar cé as a n-eascróidh an brú agus an dúshlán nua. Chomh maith leis sin, d'fhonn deacrachtaí a réiteach agus fadhbanna a scaoileadh, ní mór tuiscint níos fearr ar chineál na gcionta, ar chás sóisialta agus cultúrtha na gciontóirí agus ar an tionchar a imríonn cion ar an íospartach. Ní mór chomh maith an sárchleachtas as gach cearn den domhan a thiomsú.

#### **Taighde ar Chiontóirí gan Dídean**

Rinne an tSeirbhís Promhaidh agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mórstaidéar ar chiontóirí gan dídean a choimisiúnú agus a fhoilsiú faoin teideal: *A Study of the Number, Profile and Progression Routes of Homeless Persons before the Court and in Custody* i mí Iúil. Ba iad an Dr Mairéad Seymour agus Ms Liza Costello ón Ionad don Taighde Shóisialta agus Oideachais in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath a rinne an taighde.

Tá eolas fiúntach faoi líon na ndaoine gan dídean faoi choimeád agus á dtabhairt os comhair na gcúirteanna i mBaile Átha Cliath, faoina gcás agus faoi phatrúin a bhaineann leo, follasach anois de bharr an taighde.

Tá eolas cruinn faoi líon na ndaoine faoi dhídean a thugtar os comhair na gcúirteanna agus atá ar coimeád i mBaile Átha Cliath agus mar gheall ar a gcineál agus a gcuid dul chun cinn anois ann de bharr an togra. I measc thorthaí an taighde bhí an méid seo a leanas:

- Ba dhaoine gan dídean 9.3% díobh siúd a chuir na cúirteanna faoi bhráid na Seirbhíse Promhaidh (i rith tréimhse sé seachtaine),
- As sampla na ndaoine a bhí i bpríosún, bhí 54% a bhí gan dídean ar a laghad tráth amháin sular cuireadh príosúnacht orthu agus go leor acu a mhair gan dídean ar feadh tréimhsí fada,
- Bhí 25% de na príosúnaigh gan dídean nuair a cuireadh i bpríosún iad,
- Bhí ciontóirí gan dídean suntasach arna ngrádú de réir réimse táscairí míbhuntáiste, oideachas lag, fostaíocht, cóiríocht, easpa taca teaghlaigh agus eile, mí-úsáid drugaí agus ólacháin agus cúrsaí meabhairghalair san áireamh,
- Bhí 64% de na príosúnaigh a raibh tréimhse caite gan dídean acu a tharla sa chás sin den chéad uair sula raibh naoi mbliana déag slán acu,

- Bhí cuid mhaith ciontóirí a raibh deacracht acu teacht ar dhídean agus ar sheirbhísí eile.
- Tugadh faoi deara go raibh rátaí arda gabhála, cúisithe agus ciontaithe ag ciontóirí gan dídean i gcomparáid le ciontóirí eile agus gur dhóiche líon ard cúiseanna ina n-aghaidh i gcomparáid le ciontóirí eile (nach raibh gan dídean) cé gurbh iondúil nach raibh cionta an tsampla gan dídean chomh tromchúiseach céanna ó chineál. Ba mhínic tréimhsí suntasacha caite faoi choinneáil ag príosúnaithe gan dídean. Bhí beagnach a leath a bhí faoi mhaoirseacht Promhaidh cheana.
- Díriodh aird chomh maith ar dheacrachtaí a bhaineann le príosúnaigh gan dídean a thabhairt ar ais mar chuid den phobal ar a scaoileadh saor agus ar dheacrachtaí ar leith a luaigh lucht freagartha maidir le teacht ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean.
- Tá réimse moltaí á gcur chun cinn sa tuarascáil d'fhonn cuidiú le forbairt an pholasaí agus an chleachtais agus lón machnaimh a chur ar fáil agus díritear aird ar an ngá atá le tús a chur leis an bpleanáil maidir leis an bpríosúnach a thabhairt ar ais sa phobal a luaithe agus a ghearrtar pianbhreith coinneála ar chiontóir.
- Tá an tuarascáil iomlán ar fáil i bhfoirm pdf ar an suíomh idirlín: [www.probatation.ie](http://www.probatation.ie)

*“Is dóigh liomsa gur féidir tionchar suntasach a imirt ar an saol ag daoine óga. Tá na hógánaigh seo á mbrú amach ón tús. Níl mórán cáilíochtaí acu nó tá siad gan cháilíocht ar bith. Is cuid den chúram iad a mhealladh ar ais leis na cáilíochtaí sin a bhaint amach. Ach is rímhínic a bhítear ag coimhlint in aghaidh mheon a chuireann an saol mór ina luí ar na daoine seo – a fhágann nach dóigh leo go bhfuil mórán i ndán dóibh agus iad ar bheagán misnigh. Is mínic saol an teaghlaigh ina chíorthuathail. Nuair a dhéanaimid beart fiúntais, bíonn siad in ann tosú isteach ar jabanna agus ar shaol oibre. Ach ní mór iontaoibh acu asat. Táimse den tuairim gur gá cur chuige comhordaithe ag obair le gníomhaireachtaí eile chomh maith. Oibrímhse go dlúth le hOibrithe don aos óg ar iondúil tuiscint mhaith acu ar chás an ógánaigh. Nuair a chreideann an t-ógánach gurb é is mian leat go ndéanfaidís féin go maith – is féidir an-dul chun cinn a dhéanamh ansin.”*

**Rob Pickles**, Promhadh d'Ógánaigh

# Roinn 3

---

OBAIR PROMHAIDH AGUS AN  
CHOMHPHÁIRTÍOCHT  
An Chomhpháirtíocht san Obair

## A. AN CHOMHPHÁIRTÍOCHT.

### Go himheánach agus go seachtrach

---

Ní éireodh leis an bplean straitéise atá againn ná leis na cláir oibre barrthábhachtacha murach an chomhpháirtíocht. Agus is socrúithe agus comhthuiscintí éifeachtacha, dáiríre, a aontaíodh taobh istigh den tseirbhís agus taobh amuigh atá i gceist leis an gcomhpháirtíocht sin. Is obair do ghníomhaireachtaí éagsúla ar fud earnálacha éagsúla a bhaineann le comharsanachtaí a dhéanamh níos sábháilte agus cuidiú le ciontóirí cúl a thabhairt leis an mí-iompar. Bíonn páirtneireacht dáiríre i gceist chomh maith le pobail agus le teaghlaigh.

#### **An chomhpháirtíocht go himheánach**

Lean an tSeirbhís Promhaidh i rith na bliana 2005 ag déanamh na hoibre go himheánach le meon na comhpháirtíochta. Bhí plean oibre na bliana 2005 ag coiste na comhpháirtíochta sa tSeirbhís dírithe ar na bearta seo:

1. Geallúintí faoi *Coinneáil an Dul chun Cinn* a chur i bhfeidhm
2. Cumarsáid taobh istigh den tSeirbhís Promhaidh
3. Oiliúint maidir leis an gcomhpháirtíocht – cultúr na comhpháirtíochta agus an cur chuige maidir leis san eagraíocht a chur chun cinn
4. Foghrúpaí maidir le hobair i gcomhar ar réimse ceisteanna
5. Fairsingiú a dhéanamh ar an mbonn páirtnéirí

#### **An Chomhpháirtíocht go Seachtrach**

Nuair is soláthróir mór seirbhíse sa phobal sinn, is obair i gcomhar an chuid is mó dár gcuid oibre. De dhlúth agus d'inneach an chúraim an chomhpháirtíocht. Is mór an tábhacht atá le heagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile maidir le dlí na coiriúlachta sa struchtúr comhair céanna. Is den riachtanas é go gcaomhnaítear an neamhspleáchas agus go gcomhlíontar na dualgais a leagtar orainn – rud a dhéantar – ach is ón obair go dlúth le páirtnéirí tábhachtacha eile a thagann an t-athrú dáiríre, leis an Aire agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, an tSeirbhís Chúirteanna, an Garda Síochána, an tSeirbhís Príosún, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte, an tseirbhís shóisialta, soláthróirí i réimse an oideachais, na hoiliúna agus na fostaíochta, eagraíochtaí gairme agus go mór mhór eagraíochtaí deonacha, teaghlaigh agus daoine aonair.



## B. CUR CHUIGE UILE-OILEÁIN A THABHAIRT CHUN CINN

### Comhoibriú, bainistíocht ar chiontóirí agus an sárchleachtas

---

Is tionscnamh i gcomhar idir an tSeirbhís Promhaidh agus Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann an Togra COSAIN Thuaidh & Theas. Ba de bharr Chomhaontú Bhéal Feirste agus an Athbhreithniú um Cheartas Coiriúil ina dhiaidh sin a tugadh chun cinn é. Bhí béim ansin ar an ngá a bhí le comhoibriú a chothú idir gníomhaireachtaí dlí agus cirt maidir le coiriúlacht i dTuaisceart Éireann agus sa Phoblacht. Rinne Comhlacht na gClár Speisialta de chuid an AE maoiniú ar an togra ar feadh dhá bhliain go leith faoi Bheart Tosaíochta de chuid Chlár an Aontais Eorpaigh um Shíocháin agus Athmhuintearas agus cuirtear an ceangal láidir neamhfhoirmiúil a bhíodh idir Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann agus an tSeirbhís Promhaidh le fada ar bhonn foirmiúil leis.

Is iad na príomhchuspóirí ag an Togra COSAIN Thuaidh & Theas go dtí seo:

- Cur chuige trasteorann a thabhairt chun cinn maidir leis an mbainistíocht ar chiontóirí.
- Craobhscaoileadh a dhéanamh ar an sárchleachtas maidir le hobair Promhaidh

I rith na bliana 2005, díriodh sa Togra ar shé cinn de réimsí ábhair maidir le cionta/ciontóirí

- *Foréigean ag Baile*
- *An tÓlachán agus Cionta*
- *Ábhar Contúirte*
- *Cionta agus Ciontóirí Gnéis*
- *Ciontóirí atá Tugtha do Dhrugaí*
- *Cionta agus Ciontóirí Óga*

Reáchtáladh sé cinn de sheimineáir maidir leis an sárchleachtas sna réimsí sin agus iad dírithe ar chionta. Is tionscnamh eile i gcomhar idir an tSeirbhís Promhaidh agus Bord Promhaidh Thuaisceart Éireann é an *Irish Probation Journal*, modh praiticiúil chun an teoiric agus an sárchleachtas maidir le hobair promhaidh ó Thuaidh agus ó Dheas a chraobhscaoileadh. Foilsíodh an dara heagrán den iris i mí Mheán Fómhair 2005.

# Roinn 4

---

AN TSEIRBHÍS PROMHAIDH FÉIN  
An fhoireann, cúrsaí airgeadais, TE agus  
cúram don chustaiméir.

## A. DAOINE: ACMHAINN & ACMHAINNEACHT.

### Earcaíocht, foireann agus oiliúint.

---

Tá de bhuntáiste ag an tSeirbhís Promhaidh go bhfuil ceann de na meithil oibre is airde scileanna, is dílse agus is dúthrachtaí ar fud na seirbhíse poiblí aici. Baineann brú lena gcuid oibre, is minic cúrsaí corracha i gceist agus bíonn cúram mór i gceist i gcónaí. D'fhág an gá tabhairt faoin athrú mór, chomh maith leis an ngnáthualach oibre, go raibh cúraimí breise á gcur ar an bhfoireann ach glacadh leis sin go fonnmhar agus go proifisiúnta.

436 a bhí ar an bhfoireann sa bhliain 2005, idir na gráid ar fad.

- Maidir le cúrsaí foirne go ginearálta, bhí 17 folúntas ann d'Oifigigh Promhaidh ag tús na bliana agus tharla folúntais eile i rith na bliana. Líonadh an chuid is mó de na poist sin ó phainéal iarrthóirí a cuireadh faoi agallamh i mí na Nollag 2004.
- Ag teacht le polasaithe de chuid an Rialtais maidir le háisiúlacht do theaghlach, thóg 25 ball foirne saoire téarma ama i rith na bliana 2005.
- Bíonn Maor Sheirbhíse Pobail, ó lá go lá, ag déanamh maoirseachta ar chiontóirí atá ar chláir oibre gan phá, lonnaithe sa phobal, de réir smachtbhanna de chuid na cúirte. Tugadh na maoir isteach níos mó faoi scáth na Seirbhíse Promhaidh i rith na bliana 2005 trína n-áireamh ar scála tuarastail caighdeánach den chéad uair agus trí dheiseanna breis oiliúna a chur ar fáil dóibh. Beidh ról na Seirbhíse Pobail faoi athbhreithniú i rith na bliana 2006 agus déanfar athbhreithniú dá réir chomh maith ar ról na Maor Seirbhíse Pobail.

## B. TEICNEOLAÍOCHT AN EOLAIS.

### Breis éifeachtachta, breis cumarsáide agus dlús.

---

Ba bhliain ríthábhachtach an bhliain 2005 maidir leis an tseirbhís a chur ar bhonn gairmiúlachta. Tá béim mhór ó thaobh airgeadais agus foirne de curtha ar fheabhsú na gcóras TE chun na críche sin. Díritear sa chlár sin ar bheith níos éifeachtaí i mbun ár gcuid oibre, bheith níos fearr sa chumarsáid lenár gcuid páirtnéirí, bheith eagraithe ar bhealach níos dlúithe agus bheith freagrach maidir lenár gcúram. Rinneadh dul chun cinn mór le togra forbartha TE na Seirbhíse, atá chomh maith

agus atá ar domhan, i rith na bliana 2005. Seo a leanas roinnt de na gnéithe a bhaineann leis:

1. Córas lorgtha níos fearr maidir le ciontóirí
2. Tús leis an dearadh agus leis an bhforbairt ar shuíomh idirlín nua
3. Feidhmchlár nua a thabhairt isteach maidir le hacmhainní daonna
4. Feidhmchlár nua a thabhairt isteach maidir le clárú sócmhainní

## C. SEIRBHÍS DON CHUSTAIMÉIR.

### Sárchleachtas ó thaobh soláthar seirbhíse.

---

Cuirimid seirbhís ar fáil a bhfuil tábhacht dáiríre léi ag go leor daoine, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí éagsúla. Ar bhealach, is í Éire an custaiméir atá againn agus tá seirbhís den fhíorscoth dlite do mhuintir na tíre ó na seirbhísí poiblí go léir. Nuair atá sábháilteacht an phobail agus an deis athrú ó bhonn a chur ar shaol daoine i gceist, is tábhachtaí arís cultúr an tsárchúram den chustaiméir.

Sin é an fáth ar chuir an tSeirbhís Promhaidh de chuspóir roimhe i rith na bliana 2005 athbheithniú a dhéanamh ar Chairt an Chustaiméara agus Plean Gnímh nua a dhréachtadh ina leagtar síos aidhmeanna príomhthábhachta agus táscairí feidhmíochta de réir phrionsabail na seirbhíse don chustaiméir. Tá na cáipéisí sin ar fáil ar an suíomh idirlín [www.probation.ie](http://www.probation.ie).

- Seo a leanas roinnt samplaí de bhearta a cuireadh i gcrích:

#### **Suirbhéanna Sástachta Custaiméirí**

Rinne an tSeirbhís Promhaidh dhá shuirbhé, ceann in áit coinneála – Príosún Mhuinseo agus ceann sa phobal. Léirigh torthaí na suibhéanna sin sástacht i measc ár ngairmithe agus ó cheann dár ngrúpaí cliant sa phobal. Cé go raibh siad dearfach tríd is tríd, d'aithin na torthaí roinnt reimsí maidir le seachadadh seirbhíse nach mór feabhas a chur orthu. Is iad sin na spríocanna do thionscnaimh agus do chlár nua ag dul chun cinn.

#### **Caidreamh agus aiseolas**

Is den riachtanas é go gcuirtear eolas ar fáil do na geallsealbhóirí sin againn atá soiléir agus cruinn. Cuidíonn an fhorbairt a rinneadh ar an suíomh idirlín [www.probation.ie](http://www.probation.ie) an chuspóir sin a bhaint amach mar gheall ar an deis a thugtar aiseolas a chur chugainn.

*“I mo Oifigeach Promhaidh dom ar mheitheal de mheitheil na Cúirte Cuarda, bím féin agus mo chuid comhghleacaithe ag obair le ciontóirí mórbhaoil ar díol suntais an patrún ciontaithe a bhíonn ag baint leo. Bainim úsáid as modhanna oibre agus teicnící éagsúla, agallaimh spreagaitheacha ina measc, chun cuidiú leis na ciontóirí dul i ngleic leis an iompar chiontóra sin acu. Ní mar a chéile an t-athrú le linn na tréimhse maoirseachta, braitheann sé ar an duine. D’fhéadfadh an-tábhacht a bheith leis an ní a mheasfaí a bheith fánach. Mar shampla, bíonn ciontóirí ann a mbíonn ar a gcumas struchtúr tuairiscithe a chur ar bun leis an Oifigeach Promhaidh agus a bhaineann amach spriocanna bunúsacha agus iad ag díriú ar ghnéithe a bhfuil sé sonraithe gur baol ciona atá iontu. Ó mo thaobh féin, is mór is fiú bheith ag faire ar phróiseas, agus páirteach ann, a chuireann ar chumas chiontóirí díriú ar an iompar chiontóra agus a chuidíonn leo dul bealach a leasa sa saol.”*

**Kerry Quinn** Oifigeach Promhaidh

## D. OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE.

### Infheistíocht san eolas, i scileanna agus san fhorbairt phearsanta.

---

- Bhí go leor deiseanna foghlama ar fáil i rith na bliana 2005 ón meitheal Oiliúint / Forbairt Foirne atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus ar bhonn réigiúnach i bPort Láirge, i nGaillimh agus i Luimneach. Cuireadh 112 cúrsa ar fáil i rith 152 lá den bhliain. Bhí cúrsaí gearra ina measc, idir seisiúin eolais leath lae agus ócáidí oiliúna dhá lá, chomh maith le cúrsaí fada idir cúrsaí tosach oibre trí seachtaine agus cúrsa creidiúnaithe bliana. Bhain éagsúlacht le gach seisiún ar leith maidir le modhanna oiliúna agus tharraing oiliúnóirí na seirbhíse ar shaineolas chomhghleacaithe dár gcuid sa tSeirbhís agus ar lucht oiliúna ón taobh amuigh chomh maith lena gcuid saineolais féin.
- Cuireadh an oiliúint ar fáil de réir na riachtanais foghlama a sonraíodh go lárnach sa Státseirbhís, a sonraíodh sa tSeirbhís Promhaidh féin agus de réir na riachtanais oiliúna a shonraigh baill foirne de gach grád. Chomh maith leis sin, chuir na brainsí oiliúna líon suntasach ceardlanna/seisiúin eolais ar bun d'fhochéimithe sna hEolaíochtaí Sóisialta agus do ghníomhaireachtaí a n-oibrítear i gcomhar leo.
- **Measúnú ar Bhaol**  
Chuaigh 95% den fhoireann faoi oiliúint maidir leis an deismireacht mheasúnú baoil FLS-L. Cuireadh oiliúint ar bhaill foirne a oibríonn go sainiúil le Seirbhís Promhaidh d'Ógánaigh maidir le leagan na n-ógánach (YLS-CMI). Sonraíodh grúpa sárúsáide FLS-L go luath i rith an tsamhraidh agus críochnaíodh an oiliúint leis an ochtar déag sin faoin bhfómhar.

#### **Prótacail maidir le Chiontóirí Gnéis**

Ag teacht leis na dualgais reachtúla faoi Chuid 5 den Acht um Chiontóirí Gnéis 2001, cuireadh oiliúint leitheadach ar fáil ar fud na heagraíochta d'fhonn cinntiú go rabhthas eolach ar a n-éilítear faoin bprótacal.

#### **Andúil**

I bhfianaise cúrsaí andúile a bheith ina ghné suntasach de chúrsa na gcionta, chuir an brainse oiliúna le chéile clár oiliúna cuimsitheach, saindírithe, arna dheimhniú le teastas, mar bhealach chun deiseanna a thapú na scileanna atá riachtanach maidir leis an réimse seo a bheith ar fáil ag an bhfoireann. D'fhreastail dáréag ball foirne an cúrsa i rith na bliana acadúil 2004/2005 agus thosaigh dáréag eile air i mí Dheireadh Fómhair 2005.

- **Oiliúint Sheachtrach**

Bronnadh ciste ar dheichniúr den fhoireann chun freastal ar oiliúint tríú leibhéal nó ar oiliúint iarchéime. Tugadh saoire do chúigear acu sin chun freastal lánaimseartha a dhéanamh ar na cúrsaí. Bhí Máistreacht san Obair Shóisialta; Máistreacht sa Bheartas maidir le Drugaí agus Ólachán; Diplóma i Léann na hAndúile; agus, céim dlí BCL i measc na gcúrsaí.

## E. Ráiteas Airgeadais

### Ioncam agus caiteachas 2005.

---

Ón Státhchiste a thagann an maoiniú go léir don tSeirbhís a chuirtear ar fáil tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Rinneadh leithdháileadh ar chiste don tSeirbhís i leith na bliana 2005 faoi fhomhírcheann E agus F an Vóta Príosún (Vóta 21).

Mar seo a leanas na suimeanna a ceadaíodh agus an caiteachas a rinneadh (de réir na mílte euro)

Fo-mhírcheann	<u>Soláthar</u>	<u>Toradh</u>	<u>Coigilteas</u>	<u>Farasbarr</u>
<u>E.1.</u> Tuarastail, tuarastal agus liúntais	19,893	17,268	2,625	
<u>E.2.</u> Oibríochtaí (taisteal, teileachumarsáid, trealamh, cothabháil oifige)	3,975	5,869		1,894
<u>E.3.</u> Cúnamh - Eagrais dheonacha (Reatha) - Eagrais dheonacha (Caipiteal) - Daoine Aonair/Cuairteanna	14,434 4,275 49	14,129 1,653 102	305 2,622	53
<u>E.4.</u> Tionscnaimh maidir le hÓgchiontóirí	460	187	273	
<u>E.</u> Scéim na Seirbhíse don Phobal	2,140	2,370		230
lomlán	45,226	41,578	5,825	2,177

Bhí fo-mhírcheann sa bhreis ann i mbliana, E4, do thionscnaimh maidir le hÓgchiontóirí. Ina dhiaidh sin féin, cé go ndearnadh go leor pleanála agus ullmhúcháin, níor caitheadh an oiread agus a bhí á thuar. Comhdhálacha agus meantóireacht teaghlaigh (tacaíocht teaghlaigh) ba bhun leis an gcaiteachas ar fad nach mór.



# Roinn 5

---

FÉACHAINT NA NDÚSHLÁN ATÁ I NDÁN  
Leanúint den athrú. Leanúint den fheabhas.

# BEARTA TÚS ÁITE SAN AM ATÁ AG TEACHT.

---

Níltear ach i dtús an chláir athstruchtúraithe. Táthar meáite ar choinneáil ag déanamh na mbearta straitéiseacha chun feabhais is gá chun seirbhís de scoth an domhain a chur ar fáil. Leis an mbainistíocht shinsearach a thosaíonn na hathruithe sin tríd an bplean straitéise a chur i bhfeidhm go bríomhar. Ní mór na modhanna oibre a fhéachaint agus a mheas go síoraí chomh maith leis an tseirbhís a thugtar don chustaiméir.

Tá tabhairt chun cinn tionscnaimh an Cheartas Aisig ina bheart tús áite i gcónaí. Tá an tSeirbhís ag cuidiú, agus ag obair go dlúth, le dhá thogra aisig cheana féin, ceann i dTamhlacht, Baile Átha Cliath, agus ceann eile san Aonach, Co. Thiobraid Árann. Bhí plé ag Togra Cheartas Aisig Thamhlachta le 112 cás i rith na bliana 2005.

Tá athruithe móra i ndán don tSeirbhís Promhaidh arís i rith na bliana 2006. Leanfar den bhiseach, den athchóiriú agus den atheagar. Cuirfear Ráiteas Cuspóire Straitéiseach do na blianta 2006-2007 le chéile. Leagfar síos spriocanna soiléire don tSeirbhís agus do na hOifigigh Promhaidh agus aidhmeanna straitéiseacha agus cúraimí soiléire don fhoireann ar fad. Déanfar iniúchadh agus athbhreithniú forleathan ar gach gné oibriúcháin de thabhairt i gcrích na seirbhíse d'fhonn cuidiú leis an bhfoireann agus cinntiú go gcuirtear seirbhísí níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí arís ar fáil.

Cuirfear Oifigigh Promhaidh sa bhreis ag obair i Rannóg na nÓgánach chun na haltanna a bhaineann le hábhar de chuid Achta na Leanaí, 2001 a chur i bhfeidhm. Tabharfaidh an tSeirbhís chomh maith faoi scrúdú géar ar na riachtanais reachtaíochta agus beartais is gá i bhfianaise na gcuinsí agus na ndúshlán nua a chuirtear roimh an tSeirbhís. Neartófar le cumas na nOifigeach Promhaidh leis sin agus iad ag obair taobh istigh de chreat reachtaíochta níos críochnúla agus níos nua ná mar a bhí go dtí seo.

Tá rún ag an tSeirbhís forbairt a dhéanamh ar an struchtúr riaracháin agus Aonad Airgeadais Chorparáide a chruthú sa bhliain 2006 ina mbeidh foireann sainoilte ag oibriú mhodhanna íocaíochta leictreonacha. Beidh an cúl taca cuí cuntasóirí gairmiúla leis, ag déanamh maoirseachta ar obair an aonaid. Cuideoidh bunú an aonaid sin le caomhchóiriú a dhéanamh ar obair airgeadais na seirbhíse.

## **An tSeirbhís Promhaidh ón mbliain 2005 amach**

Bliain le háireamh a bhí sa bhliain 2005 don tSeirbhís Promhaidh ach ní raibh inti ach an chéad bhliain as tréimhse lena mbainfidh athruithe móra. Tá an tAire agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag cuidiú go mór linn an t-

athrú a bhrú chun cinn ionas gur sábháilte na pobail atá in Éirinn agus go gcuidítear le ciontóirí béasa a athrú agus dul ar bhealach a leasa.

Is i bhfianaise an athrú straitéise sin an tuarascáil seo chomh maith. Ní mór dúinn an ról tábhachtach atá againn i saol na hÉireann a chur in iúl go soiléir más linn an obair a dhéanamh níos fearr. Is den riachtanas é go dtuigeann daoine agus eagraíochtaí an obair a dhéanaimid agus na bealaí inar féidir linn cuidiú leo. Ní mór dúinn bheith macánta agus freagrach inár gcúram. Tús na hoibre ina leith sin an cháipéis seo: maidir leis an éifeacht atá linn a léiriú; maidir le scéal na Seirbhíse a insint; maidir leis an iliomad beart a chuireann an fhoireann dhíograiseach, ábalta i gcrích a chur in iúl; agus, maidir leis an bpáirt bharrthábhachtach atá againn i réimse an cheartais choiriúil a mhíniú. Is tábhachtaí ná aon ní a dhúthrachtaí agus atáthar maidir le feabhsúchán agus nuáil shuntasach seasta go dtí go mbíonn an tSeirbhís chomh maith agus atá ar domhan a chur in iúl. Táthar ag fónamh d'Éirinn agus do mhuintir na hÉireann. Le barr feabhais agus éifeachta a chaithfear an díograis sa bhliain 2006 agus níos faide anonn.

---